French
Leaving Certificate
Ordinary Level

Past Exam Questions on
Write a Message…

QB Part A Section 2 2013

(a) Fág an **teachtaireacht** seo a leanas do do chara Marc / Rosine a bhfuil tú ag fanacht leis / léi in Cannes. Abair:

- Go bhfuil tú imithe cois farraige le do chairde.
- Go bhfuil an ghrian ag taitneamh agus go bhfuil sé an-te.
- Go mbeidh tú ar ais don dinnéar ag a 7 a chlog.

(a) Leave the following **message** for your friend Marc / Rosine with whom you are staying in Cannes. Say that:

- You have gone to the seaside with your friends.
- The sun is shining and it is very warm.
- You will be back for dinner at 7 o'clock.

QB Part A Section 2 2012

(a) Fág an **teachtaireacht** seo a leanas do do chara Vincent / Odile a bhfuil tú ag cur fút leis / léi in Reims. Abair:

- Go bhfuil an teilifíseán sa seomra suí briste.
- Gur chuir tú glao gutháin ar leictreoir ar maidin.
- Go mbeidh sé anseo amárach ag leathuair tar éis a deich.

(a) Leave the following **message** for your friend Vincent / Odile with whom you are staying in Reims. Say that:

- The television in the living-room is broken.
- You phoned an electrician this morning.
- He will arrive tomorrow at half-past ten.

QB Part A Section 2 2011

(a) Fág an **teachtaireacht** seo a leanas do do chara pinn Loïc / Nadine lena bhfuil tú ag fanacht in Biarritz:

- Tá tú imithe amach an tráthnóna seo toisc go bhfuil an aimsir go breá.
- Tá tú ag dul chuig an leabharlann le dhá leabhar a thabhairt ar ais.
- Beidh tú ar ais sa bhaile ar a sé a chlog.

(a) Leave the following **message** for your penpal Loïc / Nadine with whom you are staying in Biarritz:

- You have gone out this afternoon because the weather is fine.
- You are going to the library to return two books.
- You will be back home at six o'clock.

QB Part A Section 2 2010

(a) Tá tú ag fanacht in éineacht le Didier / Denise in Limoges. Fág an **teachtaireacht** seo a leanas dó / di.

- Abair go bhfuil sé leath uair tar éis a deich agus go bhfuil tú chun dul a luí anois.
- Abair go ndearna tú d'obair bhaile agus go raibh sé éasca.
- Abair go bhfuil súil agat gur bhain sé / sí taitneamh as an gceolchoirm.

(a) Leave the following **message** for Didier / Denise with whom you are staying in Limoges:

- Say that it is half past ten and you are going to bed now.
- Say that you have done your homework and it was easy.
- Say that you hope that he / she liked the concert.

QB Part A Section 2 2009

(a) Tá tú ag fanacht le Luc / Chantal in Poitiers. Fág an **teachtaireacht** seo a leanas dó / di.

- Tháinig do chara Antoine chuig an teach maidin inniu.
- Ní féidir leis dul go dtí an phictiúrlann mar caithfidh sé cabhrú lena athair.
- Cuirfidh sé glao gutháin ort amárach ag 11.15 a.m.

(a) Leave the following **message** for Luc / Chantal with whom you are staying in Poitiers:

- Your friend Antoine came to the house this morning.
- He cannot go to the cinema because he has to help his father.
- He will phone you tomorrow at 11.15 a.m.

QB Part A Section 2 2008

(a) Tá tú ag fanacht le Marc in Tours. Fág an **teachtaireacht** seo a leanas dó:

- Fad a bhí sé amuigh, ghlaoigh a chara Pierre ar an bhfón.
- Tá na scrúduithe críochnaithe ag Pierre agus tá an-áthas air.
- Tá sé chun post páirtaimseartha a lorg tráthnóna amárach.

(a) Leave the following **message** for Marc, with whom you are staying in Tours:

- While he was out, his friend Pierre phoned.
- Pierre has finished his exams and he is very happy.
- He will look for a part-time job tomorrow afternoon.

QB Part A Section 2 2007

(a) Tá tú ag fanacht le do chara pinn, Bertrand, in Bourges. Fág **teachtaireacht** ag cur in iúl:

- Go bhfuil tú imithe go dtí an baile mór chun iris a cheannach.
- Go dtiocfaidh tú abhaile don dinnéar ag 6.30 p.m.
- Go bhfuil dhá thicéad agat don cheolchoirm tráthnóna inniu.

(a) You are staying with your pen-pal, Bertrand in Bourges. Leave a **message** saying:

- That you have gone to town to buy a magazine.
- That you will be home for dinner at 6.30 p.m.
- That you have two tickets for the concert this evening.

QB Part A Section 2 2006

(a) Fág **teachtaireacht** do Bernard/Bernadette atá ag fanacht leat. Abair:

- Go bhfuil cóisir á hullmhú agat don chara is fearr agat, Caroline/Carl.
- Go bhfuil tú imithe go dtí an t-ollmhargadh chun roinnt bia agus deochanna a cheannach.
- Go mbeidh tú ar ais go luath chun an teach a ghlanadh suas.

(a) Leave a **message** for Bernard/Bernadette who is staying with you. Say that:

- You are organising a party for your best friend Caroline/Carl.
- You have gone to the supermarket to buy some food and drinks.
- You will be back soon to clean up the house.

QB Part A Section 2 2005

(a) Tá tú ag obair mar au pair do M. agus Mme Dupuy. Fad atá siad amuigh glaonn Mme Labro ar an nguthán. Fág an **teachtaireacht** seo a leanas:

- Ghlaoigh Mme Labro ar an nguthán fad a bhí siad amuigh.
- Tá Mme Labro breoite agus ní thiocfaidh sí i gcomhair caife amárach.
- Chuaigh na leanaí a chodladh ag 9.30 p.m.

(a) You are working as an au pair for M. and Mme Dupuy. While they are out, Mme Labro rings. Leave a **message** saying that:

- Mme Labro rang while they were out.
- Mme Labro is sick and will not come for coffee tomorrow.
- The children went to bed at 9.30 p.m.